

Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Beartas Forbartha Bailiúcháin



Ábhair

Réamhrá	3
An Chúis atá leis an mBeartas Forbartha Bailiúcháin.....	3
Cuspóirí an Bhailiúcháin	4
Buiséad	5
Fáil	5
Roghnúchán.....	5
Dáileadh an ábhair ar leabharlanna brainse	9
Stocghlanadh	10
Áirithintí agus iasachtaí idirleabharlainne.....	10
Tabhartais agus bronntanais	11
Cur i láthair, cur chun cinn agus margaíocht.....	11
Na Bailiúcháin	12
An líon ábhar sa stoc faoi láthair.....	12
Bailiúcháin speisialta	13
Tréimhseacháin/Irisí.....	16
Nuachtáin	17
Ríomhacmhainní.....	18
Aguisíní	20
Aguisín A: Liosta doiciméad reachtúil agus beartais.....	20
Aguisín B: Soláthraithe ar Conradh	21
Aguisín C: Beartas Bronntanas	23
Aguisín D: Bailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann.....	24

Réamhrá

Agus an beartas forbartha bailiúcháin seo á cheapadh, tógann Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCPL) ceann dá oibleagáidí reachtúla mar sheirbhís leabharlainne poiblí agus don ról a imríonn seirbhís leabharlainne poiblí i gcothú agus i gcothabháil shochaí daonlathaí. Tá an inbhuanaitheacht, an cuimsiú sóisialta, an rochtain, an leas agus cáilíocht na beatha mar bhonn agus mar thaca ag an mbeartas.

Déantar bailiúcháin DCPL a fhorbairt, a chothabháil agus a chaomhnú chun fíis na leabharlainne a fhíorú mar a dtugtar breac-chuntas uirthi sa phlean forbartha:

‘Trí na bailiúcháin, na hacmhainní agus na cláir chultúrtha atá aige, tá fáil chothrom shaor in aisce in DCPL ar fhaisnéis, ar smaointe agus ar réimse deiseanna foghlama agus féinfhorbartha a spriocdhírítear ar riachtanais agus ar spéiseanna an uile aoisghrúpa agus an uile leibhéal cumais. Orthu sin tá an léitheoir, an foghlaimeoir, an cuardaitheoir poist, an mac léinn, an taighdeoir, an fiontraí, an pobal gnó, an t-ealaíontóir, an turasóir cultúrtha, an ginealaí, an t-amaitéarach agus tuilleadh nach iad’.

‘Téama – Fáil ar smaointe, ar fhaisnéis agus ar shamhlaíocht, Cuspóir 1
Acmhainní ilchineálacha a chur ar fáil do shaoránaigh a chabhróidh leo a oiread leasa agus is féidir a bhaint as a gcumas, páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht, teacht ar oideachas agus cur le saol cultúrtha na cathrach.’

Céard iad na réaltaí?: plean forbartha do Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath 2012 – 2016.

‘Táimid tiomanta do sheirbhísí a chur ar fáil do gach uile dhuine beag beann ar aois nó ar chumas. Is mór an meas atá againn ar dhaoine aonair agus ar phobail agus féachaimid leis an gcomhionannas agus an ilghnéitheacht a chur chun cinn sna seirbhísí a thairgimid’

Ráiteas Comhionannais Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2015

(Féach Aguisín A le haghaidh liosta iomlán de dhoiciméid reachtúla agus beartais.)

An Chúis atá leis an mBeartas Forbartha Bailiúcháin

Tugann an Beartas Forbartha Bailiúcháin seo creat straitéiseach le haghaidh na gcinntí agus na bpróiseas uile a bhaineann le soláthar agus bainistíocht stoic, san am i láthair go ceann i bhfad.

Tá sé dírithe ar gach duine a úsáideann agus a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as seirbhís Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear Comhairleoirí Chathair Bhaile Átha Cliath, foireann Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, soláthraithe, foilsitheoirí, údair agus na páirtithe leasmhara go léir.

Déantar cur síos ann ar an gcaoi a bhfaightear ábhar, ar na critéir roghnúcháin a chuirtear i bhfeidhm, ar mhodhanna stocghlanta agus diúscartha, ar an gcaoi a gcuirtear na bailiúcháin chun cinn agus ar na bailiúcháin atá ann faoi láthair.

Sainmhínítear stoc mar gach ábhar a chuireann an tseirbhís leabharlainne ar fáil, lena n-áirítear leabhair, irisleabhair, faisnéis tagartha, ábhar closamhairc, agus ríomhfaisnéis agus faisnéis ar líne. Úsáidtear na focail stoc / ábhar / bailiúcháin agus tá siad ar fad inmhalartaithe.

Déanfaimid measúnú agus leasú ar an mBeartas Forbartha Bailiúcháin seo nuair is gá d'fhonn a chinntiú

go mbeidh sé ábhartha agus go mbeidh riachtanais agus forbairtí amach anseo san áireamh ann.


Cuspóirí an Bhailiúcháin

Is é Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhís leabharlainne na príomhchathrach agus freastalaíonn sé ar bhreis agus leathmhilliún duine (527,612 Daonáireamh 2011) atá ina gcónaí inti, agus ar chuirteoirí, ar oibríthe agus ar mhic léinn. Cuirtear iliomad úsáideoirí agus grúpaí den uile chumas agus aois san áireamh sna bailiúcháin a fhorbraítear agus a choinnítear. Cuirtear ábhar i bhformáidí éagsúla san áireamh chun a chinntiú go mbeidh an réimse is leithne daoine in ann teacht orthu, mar a thagann le héiteas comhionannais DCPL.

Dírímid isteach freisin ar shaothair liteartha agus tugaimid tús áite dóibh, idir shaothair reatha agus chlasaiceacha, mar thacaíocht le hainmniú Bhaile Átha Cliath mar Chathair Litríochta UNESCO.


Tá dhá sprioc againn, ceann fadtéarmach agus ceann gearrthéarmach, agus muid ag cur leis an mbailiúchán:

- 1) Is í an sprioc fadtéarmach gach teideal, idir shean agus nua, idir fhicsean agus neamhfhicsean, a foilsíodh i mBaile Átha Cliath a fháil agus a choinneáil. Coinnimid na teidil sin uile go buan ar mhaithe leis an nglúin seo agus na glúinte le teacht. Mórán mar an gcéanna, déantar teidil a bhfuil spéis Éireannach iontu a choinneáil go buan chomh maith chun comhthéacs a thabhairt don bhailiúchán stairiúil seo d'ábhar a bhfuil spéis Bhaile Átha Cliathach ann. Chun na teidil sin a chaomhnú níl siad le fáil ar iasacht, ach is féidir breathnú orthu i gCartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath, Sráid an Phiarsaigh.
- 2) Sa ghearrthéarma, is aidhm linn a chinntiú go bhfuil iliomad teideal thar réimse leathan ábhar neamhfhicsin agus seánraí ficsin ar fáil i bhformáidí éagsúla, agus líon sách mór acu ann, le go bhfreastalófar ar riachtanais agus ar spéiseanna mhuintir Bhaile Átha Cliath. Rogha agus ilghnéitheacht ábhair na príomhcheisteanna anseo. Déantar athbhreithniú agus athnuachan ar na teidil sin ar bhonn leanúnach. Tá na teidil sin le fáil ar iasacht ar fud an ghréasáin de leabharlanna brainse.



“A good book, he had concluded, leaves you wanting to reread the book. A great book compels you to reread your own soul.”

The Narrow Road to the Deep North
Le Richard Flanagan



Buiséad

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath buiséad a leithdháileadh gach bliain chun leabhair leabharlainne, ábhar closamhairc agus irisleabhair/tréimhseacháin/nuachtáin, srl. a cheannach. Braitheann an leithdháileadh ar staid an gheilleagair ar an iomlán agus ar staid airgeadais na comhairle féin. Ceadáíonn na Comhairleoirí Cathrach buiséid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear buiséid le haghaidh ábhar leabharlainne, gach bliain agus is féidir leis an bpobal breathnú orthu.

Fáil

Bímid ag fáil ábhair ar an dá bhealach seo a leanas:

Cur ar Tairiscint

De réir rialacháin an AE, tá Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta don soláthar ábhar leabharlainne a chur ar tairiscint. Cinntíonn sé sin go gcaitear an buiséad leithdháilte go héifeachtach éifeachtúil agus go mbaintear tairbhe eacnamaíoch as. Rinneadh an soláthar iomaíoch ba dhéanaí in 2011 chun leabhair, closleabhair agus DVDanna a sholáthar. Tá na soláthraithe ar éirigh leo sa tairiscint sin ar conradh soláthair go dtí 2015. (Féach Aguisín B le haghaidh mionsonraí.)

Ábhar speisialtóra – leabhair ársa, srl.

Foilsítear tairiscint gach bliain chun cur leis an bpainéal soláthraithe a chuireann ábhar speisialta ar fáil le haghaidh Bhailiúchán Baile Átha Cliath agus Éireann. Is féidir le haon soláthraí ar mian leis a bheith ar an bpainéal cur isteach air. Ceannaítear gach seanleabhar agus leabhar uathúil faoi Bhaile Átha Cliath as catalóga a chuireann lucht an phainéil ar fáil. (Féach Aguisín B le haghaidh mionsonraí.)

Ní cheannaímid go díreach ó údair, ó fhoilsitheoirí ná ó ghníomhairí.

Tabhartais

Glacaimid le tabhartais leabhar faoi réir ag critéir áirithe (Féach Aguisín C le haghaidh mionsonraí.)

Faoi láthair, is spéis linn go háirithe tabhartais a fháil ina bhfuil teidil Bhaile Átha Cliathacha nó Éireannacha nach bhfuil sa stoc againn cheana.

Ar Cíos

Tá roinnt leabhar ficsin i dteangacha iasachta ar cíos againn faoi láthair. Measaimid gurb é seo an bealach is éifeachtaí ó thaobh costas de le cinntiú go bhfuil soláthar leanúnach againn de theidil nua i dteangacha éagsúla. Déantar athnuachan ar na teidil ar cíos faoi dhó sa bhliain.

Roghnúchán

Foilsítear a liachtaí sin teideal gach bliain nach féidir linn cóipeanna díobh uile a cheannach (foilsíodh 149,800 teideal sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn in 2012 - foinse: Nielsen). Agus muid ag roghnú na dteideal a cheannóimid, bímid ag cuimhneamh ar chúrsaí buiséid agus spáis agus is aidhm linn a chinntiú dá réir:

- go bhfuil réimse leathan cothrom ábhar ann
- go bhfuil teidil ar fáil ag gach leibhéal léitheoireachta
- go bhfuil teidil ar fáil ag gach leibhéal spéise, bíodh sé ina chaitheamh aimsire nó ina ghrinnstaidéar ag an léitheoir
- go bhfuil ficsean ar fáil i ngach seánra, idir mhóréilimh agus liteartha, mar is dual do Bhaile Átha Cliath, Cathair Litríochta UNESCO
- go bhfuil formáidí éagsúla ar fáil

De mheon na saoirse cainte agus na díospóireachta eolasaí, féachaimid le leabhair a chur ar fáil a léiríonn réimse leathan dearcthaí reiligiúnacha agus polaitíochta. Ní thacaíonn an tseirbhís leabharlainne le haon idé-eolaíocht pholaitiúil, shóisialta ná reiligiúnach faoi leith ná ní chuireann sí aon cheann acu chun cinn. Fágaimid faoin iasachtaí fásta é an t-ábhar léitheoireachta a roghnú dóibh féin; i gcás leanaí, is iad a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí amháin atá freagrach as ábhar léitheoireachta a roghnú.

Roghnaímid teidil de bharr a n-ábharthachta liteartha, cultúrtha nó siamsaíochta agus de bharr a luach foghlama agus faisnéise, á chinntiú go gcuirtear léitheoireacht nua spreagúil i ngach seánra ar fáil chomh maith le clasaicí seanbhunaithe gach seánra agus ábhair.

Chun an bailiúchán foriomlán a fhorbairt roghnaímid as

- liostaí teideal nuafhoilsithe lena n-áirítear teidil chlosamhairc
- teidil sainspéise reatha
- seanteidil le dul in ionad na dteideal móréilimh atá ag éirí caite

Tá croífhóireann roghnúcháin againn a phléann le tuairimí agus moltaí an phobail agus na foirne leabharlainne. Tá fáilte roimh iarratais ar ábhar nach bhfuil sa stoc againn agus bímid ag ceannach ábhair a mholann an pobal. Déanaimid anailís ar staitisticí úsáide le fáil amach cé na teidil a bhfuil an-éileamh orthu agus ar cheart cóipeanna breise nó cóipeanna nua a cheannach le dul in ionad na gcóipeanna seanchaite.

Critéir roghnúcháin

Agus muid ag roghnú teidil faoi leith, cuirimid réimse leathan critéar san áireamh sa chinneadh. Orthu sin tá:

- An bhfuil ábhar an teidil cruinn agus cothrom le dáta?
- An bhfuil an fhormáid oiriúnach?
- An gcuirtear an t-ábhar i láthair go soiléir inléite?
- An bhfuil luach maith ar airgead ann? – go háirithe más rud é go bhfuil go leor teideal ann faoin ábhar céanna
- Cén chaoi a gcuirfí i gcomparáid é le teidil eile faoin ábhar céanna?
- An bhfuil cáil agus éileamh ar an údar? Cé nach gcoisceann sin orainn céadsaothair a cheannach, seans nach gceannófar mórán cóipeanna díobh.

Níl sé oiriúnach dar linn leabhair áirithe a ligean ar iasacht don phobal. Ní chuirfear iad sin ar fáil den chuid is mó. Ina measc, tá:

- Téacsleabhair dara nó tríú leibhéal
- Leabhair nach bhfuil ceaptha ach d'aon duine amháin, m.sh leabhair saothair, dialanna
- Leabhair faoi cheangal bíseach – seachas sa chás nach bhfuil aon rud eile faoin ábhar ar fáil
- Leabhair bhronntanais/leabhair bhord íseal– nach bhfuil mórán faisnéise d'inneach iontu
- Leabhair sainspéiseanna acadúla
- Leabhair a bhfuil rudaí breise ag gabháil leo, m.sh. greamaitheoirí, cártaí, bronntanais

Agus muid ag roghnú teidil DVD cuirimid na critéir seo a leanas san áireamh:

- An bhfuil baint ag an teideal leis an litríocht, i.e. an bhfuil sé bunaithe ar úrscéal nó ar dhráma?
- An bhfuil ábhar stairiúil ann?
- An bhfuil baint aige le hÉirinn?
- An teideal é de chuid World Cinema?
- An bosca teilifíse é?
- An bhfuil sé aicmithe ag Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO)?–aicme P, PG, 12 nó 15
- An bhfuil faisnéis oideachasúil nó shiamsaíochta ann?

Nuair a roghnaímid closleabhair, dírimid go príomha ar theidil ficsin ar fud na seánraí uile, lena n-áirítear coirscéalta, scéinséirí, scéalta grá agus clasaicí. Roghnaímid líon beag míreanna neamhficsin freisin faoi ábhar spéise d'iasachtaithe. Dírimid ar chlosleabhair neamhghiorraithe.

Agus muid ag roghnú ábhar foghlama teangacha, is aidhm linn a chinntiú go mbeidh réimse leathan teangacha i gceist ag leibhéal éagsúla cumais, ábhar foghlama Béarla mar dhara teanga san áireamh.

Nuair a bhímid ag roghnú ábhar do leanaí, idir fhicsean agus neamhfhicsean, féachaimid le réimse leathan ábhar a chur ar fáil agus bailiúchán spreagúil d'údair ficsin a fhorbairt ina bhfuil leabhair chairtchláir do naíonáin, leabhair chéadléitheoireachta agus teidil don léitheoir muiníneach. Nuair a roghnaímid teidil faoi leith do leanaí, cuirimid san áireamh na critéir do dhaoine fásta thuas chomh maith leis an méid seo a leanas:

- Cineál teanga: an bhfuil an cineál teanga a úsáidtear oiriúnach don sprioc-aoisghrúpa?
- Léaráidí: an n-oireann na léaráidí don téacs?
- Cur i láthair: an bhfuil léaráidí agus leagan amach an téacs soiléir, spreagúil agus tarraingteach?
- Naisc leis an gcuraclam: an gclúdaítear ábhar an téacs sa churaclam scoile?

Foinsí roghnúcháin leabhar

Bainimid úsáid as foinsí éagsúla faisnéise agus muid i mbun roghnúcháin, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Liostaí iomlána míosúla de leabhair ar na bacáin
- Liostaí de gach leabhar i gcló
- Léirmheasanna i nuachtáin, i sainirisí ceirde agus ar líne
- Iarratais nó moltaí ceannacháin ó iasachtaithe

Buanorduithe

Eisimid buanorduithe le haghaidh ábhar nach gá a roghnú, i.e. nuair a cheannaítear gach foilseachán i gcatagóir áirithe de réir an bheartais.

Eisítear buanorduithe faoi láthair le haghaidh:

- gach leabhar a fhoilsítear in Éirinn a bhaineann le hÉirinn nó le Baile Átha Cliath
- gach leabhar a fhoilsítear i nGaeilge (seachas leabhair scoile agus teidil acadúla)
- leabhair a fhoilsíonn an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus an Foras Riaracháin
- fochuid d'fhoilseacháin an Rialtais
- cóipeanna de bhailiúcháin cheangailte bhliantúla Reachtanna agus Achtanna Oireachtais

Formáidí

Soláthraímid ábhar i bhformáidí éagsúla le go mbeidh an rogha agus an clúdach is fearr ann a fhreastalóidh ar riachtanais speisialta. Déanfar monatóireacht ghrinn ar athruithe teicneolaíochta agus cultúrtha a rachaidh i bhfeidhm ar ábharthacht nó infhaighteacht fhormaidí áirithe. Cuirfear formáidí nua ar fáil de réir mar a bhíonn teacht orthu agus a mbaintear úsáid choitianta astu, agus stopfar de bheith ag cur na seanfhormaidí ar fáil dá réir. Ar na formáidí atá ar fáil in DCPL tá:

<p>Leabhair</p> <ul style="list-style-type: none">• Faoi chlúdach cruá• Bogchlúdaigh trádála• Gnáth-bhogchlúdaigh• Mórchló• Formáid ghrafach• Leabhair sholéite do dhaoine fásta agus bunábhar tacaíochta oideachais• Leabhair sholéite do leanaí atá ag foghlaim conas léamh	<p>Ábhar clóite eile</p> <ul style="list-style-type: none">• Nuachtáin• Tréimhseacháin / irisí• Léarscáileanna• Bileoga ceoil
<p>Closábhar</p> <ul style="list-style-type: none">• Closleabhair neamhghiorraithe ar CD, imreoir MP3, comhad MP3 ar CD• Taifeadtaí ceoil ar CD• Ábhar foghlama teanga ar CD agus ar imreoir MP3	<p>Físábhar</p> <ul style="list-style-type: none">• DVDanna
<p>Ríomhleabhair</p> <ul style="list-style-type: none">• Cuirfidh DCPL seirbhís ar fáil nuair a thiocfaidh múnla inbhuanaithe chun cinn a fhreastalóidh ar riachtanais úsáideoirí	<p>Ríomhacmhainní</p> <ul style="list-style-type: none">• CD-ROManna• Teacht ar ríomhbhunachair sonraí ar le tríú páirtí iad nó a d'fhorbair DCPL• Teacht ar ríomhfhoghlaim teangacha

Teangacha

Is i mBéarla atá formhór an ábhair a bhailítear agus a chuirtear ar fáil ach soláthraímid ábhar léitheoireachta i dteangacha éagsúla freisin a fhreagraíonn le teangacha mhuintir Bhaile Átha Cliath agus na ndaoine a oibríonn ann. Ina theannta sin, ceannaímid cóipeanna de gach teideal Gaeilge seachas téacsleabhair scoile agus cuirimid leabhair dhátteangacha do pháistí ar fáil freisin.

Dáileadh an ábhair ar leabharlanna brainse

Bailiúchán cathrach é seo, dar linn, a chiallaíonn go mbaineann an t-ábhar go léir leis an aon bhailiúchán amháin seachas leis na leabharlanna brainse aonair, cé go leithdháiltear an t-ábhar ar leabharlanna brainse chun cúrsaí riaracháin a éascú.

Maidir leis an líon teideal a choinnítear i leabharlanna brainse ar leith, is iad an méid spáis atá sa leabharlann agus líon a huaireanta oscailte a imríonn tionchar ar an gcinneadh sin.

Cruthaíonn bainisteoirí brainse próifíl ar an bpobal áitiúil agus cuireann an fhoireann roghnúcháin sin san áireamh nuair a leithdháileann siad teidil ar bhrainse ann.

Rochtain

Tá stoc le fáil ar iasacht agus le haghaidh tagartha i 21 leabharlann bhainse ar fud na cathrach agus in dhá leabharlann taistil a dhéanann dhá stad is tríocha. Sna leabharlanna brainse tá stoc do dhaoine fásta, do leanaí agus do dhaoine óga fásta faoi gach ábhar agus i ngach formáid.

Tá ábhar i ngach leabharlann bhainse ar féidir a ligean ar iasacht agus nach féidir a ligean ar iasacht, i.e. ábhar tagartha nach mór fanacht sa leabharlann.

Tá nuachtáin agus irisí i ngach leabharlann bhainse freisin mar aon le ríomhairí lenar féidir teacht ar go leor bunachar sonraí agus seirbhísí ar líne.

Sa Lárleabharlann in Ionad ILAC, Sráid Anraí, Baile Átha Cliath 1, tá bailiúchán na Leabharlainne Ceoil, an tIonad Faisnéise Gnó, saoráidí speisialta foghlama teanga (Ionad Foghlama Oscailte) agus gnáthbhailiúcháin iasachtaithe agus tagartha.

I gCartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath, Sráid an Phiarsaigh, tá Bailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann, Bailiúchán Duais Liteartha Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (IMPAC) agus an Bailiúchán Éireannach do Leanaí.

Is de réir chóras Aicmiúcháin Deachúil Dewey a eagraítear an stoc neamhficsin sna brainsí uile, ar chóras ordaithe é ina dtugtar uimhir do gach ábhar. Tá treoracha mínithe faoi sin le fáil i ngach brainse. Eagraítear an stoc ficsin in ord aibítreach de réir údair.

Is iondúil go gcuirtear formáidí eile - leabhair mhórchló, leabhair sholéite, closábhar, físbhar, srl. - ar sheilfeanna ar leith. Tá comharthaí i ngach leabharlann bhainse a chuideoidh leis an bpobal.

Is féidir catalóg na leabharlainne a chuardach i ngach brainse. Tá sí ar fáil ar líne freisin ag www.dublincitypubliclibraries.ie

Aisghabháil agus slándáil

Is sócmhainn luachmhar é bailiúchán na leabharlainne. Tá réimse nósanna imeachta againn chun ábhar na leabharlainne a choinneáil sábháilte, lena n-áirítear:

- Faireachas na foirne
- Córais shlándála
- Níl cead isteach chun na seilfeanna a bhfuil ábhar uathúil luachmhar iontu

Tá nósanna imeachta againn freisin chun ábhar a aisghabháil má tá sé ar iasacht thar téarma, lena n-áirítear:

- Fógraí thar téarma a sheoladh
- Litreacha dlíodóra a sheoladh más gá

Is aidhm linn a chinntiú go mbíonn teidil leabharlainne le fáil ar iasacht trína gcoinneáil i gcúrsaíocht ghníomhach agus trí fhíneálacha a ghearradh a spreagfaidh daoine ábhar ar iasacht a thabhairt ar ais go pras.

Stocghlanadh

Déanaimid athbhreithniú ar an stoc lena chinntiú go mbíonn sé ábhartha i gcónaí agus i ndeabhail. Bainimid leas as faisnéis i gcóras ríomhaireachta na leabharlainne a chabhraíonn linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ghá atá le cóipeanna breise, ábhar a úsáidtear go han-mhinic a athsholáthar agus teidil atá as dáta nó nach ábhar spéise a thuilleadh iad a bhaint den stoc. Cruthaíonn an stocghlanadh spás d'ábhar nua agus cabhraíonn sé linn cáilíocht an bhailiúcháin ar an iomlán a choinneáil ard.

Agus muid ag cuimhneamh ar theidil a bhaint den stoc, fiafraímid dínn féin:

- An bhfuil an teideal fós á úsáid?
- An bhfuil gá fós le gach cóip den teideal?
- An bhfuil an t-ábhar fós bainteach?
- An bhfuil eagráin níos úire ann?
- An bhfuil drochbhail air?

Nuair a bhainimid ábhar den stoc i leabharlanna brainse, úsáidimid bealaí éagsúla diúscartha lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- É a choinneáil i stóras
- É a dheonú ar institiúidí áitiúla, m.sh. scoileanna, ionaid ógra, ionaid pobail, ionaid lae, srl.
- É a dhíol
- É a athchúrsáil

Siopa Leabhar Sheantraibh

D'fhéadfaí ábhar a bhaintear de sheilfeanna oscailte na leabharlann brainse a choinneáil inár siopa leabhar (i Seantrabh faoi láthair). Tá an t-ábhar sin le fáil ar iasacht agus liostaítear é sa chatalóg ar líne.

Sa siopa leabhar faoi láthair tá:

- 2 chóip de theidil ficsin le gach údar Éireannach/Baile Átha Cliathach.
- 2 chóip de theidil arb iad L nó M túslitir shloinne an údair – cuireann DCPL ar an gcaoi sin leis an gComhscéim um Chúlstór Ficsin Éireann, ar comhthionscadal é de chuid na leabharlann poiblí in Éirinn a chinntíonn go mbeidh teacht i gcónaí ar fhicsean atá as dáta nó nach ábhar spéise faoi láthair é.
- 2 chóip de gach teideal neamhficsin a bhaineann go sonrach le hÉirinn/Baile Átha Cliath.

Áirithintí agus iasachtaí idirleabharlainne

Ní leor ann féin aon seirbhís leabharlainne ó thaobh stoic de agus ní eisceacht ar bith iad Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Fáiltímid roimh iarratais ó iasachtaithe ar ábhar nach bhfuil sa stoc againn agus is mar a seo a leanas a phléimid leis na hiarratais sin:

- ceannóimid an teideal agus cuirfimid leis an stoc é má tá sé ar fáil le ceannach agus má chomhlíonann sé na critéir roghnúcháin
- gheobhaimid an teideal ar iasacht ó leabharlann eile, más féidir, mura bhfuil sé ar fáil le ceannach nó má mheastar nach bhfuil sé oiriúnach

Úsáidimid na seirbhísí iasachtaithe idirleabharlainne (ILL) seo a leanas:

- Borrowbooks.ie: comhfhiontar de chuid na leabharlann poiblí in Éirinn
- Talis agus Leabharlann na Breataine: a thugann cead rochtana ar a bhfuil i leabharlanna

poiblí agus acadúla in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon

Gearraimid táillí as seirbhísí ILL.

Tabhartais agus bronntanais

Fáiltímid roimh thairiscintí ábhar a dheonú orainn de réir na ngnáthchritéar roghnúcháin. (Féach Aguisín C le haghaidh mionsonraí.) Féadfaimid tabhartais gan iarraidh a dhiúscairt tar éis 3 mhí.

Cur i láthair, cur chun cinn agus margáocht

Bainimid úsáid as réimse modhanna chun d'aird a dhíriú ar an stoc, lena n-áirítear:

- Promóisin mhóra amhail **Baile Átha Cliath: Cathair Amháin, Leabhar Amháin** a reáchtáiltear go bliantúil, fadliosta, gearrliosta agus buaiteoir **Duais Liteartha Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (IMPAC)**, agus an **promóisean léitheoireachta Uile-Chathrach do Leanaí** a chuirtear ar siúl gach bliain.
- Leabhair a phléann ceisteanna tráthúla a chur ar taispeáint i leabharlanna brainse áitiúla, m.sh. leabhair nua, mear-roghanna, leabhair mholta, srl.
- Liostaí léitheoireachta molta ar an gcatalóg ar líne a chlúdaíonn ceisteanna tráthúla, na leabhair is mó éilimh, na leabhair is déanaí, buaiteoirí duaise, srl.
- Blaganna ar www.dublincitypubliclibraries.com
- Obair chomhairleach do léitheoirí amhail cuairteanna údair, clubanna leabhar, srl. (Mionsonraí ar an suíomh gréasáin)
- Comharthaíocht

Foireann agus oiliúint

Glacann an fhoireann leabharlainne ar fad páirt i mbainistíocht agus i gcothabháil an stoic, idir an fhoireann roghnúcháin stoic agus iad siúd a fhreastalaíonn ar an bpobal sna leabharlanna brainse go léir. Tá oiliúint ar fáil don fhoireann i gcúrsaí taispeána, forbartha léitheoirí agus bainistíochta stoic.

“Is maith liom go
mór bhur
dtaispeántais mar tá
sé níos éasca
leabhair a
bhrabhsáil agus a
phiocadh suas de
réir mar a bhuaileas
an spadhar mé”

Úsáideoir Lárleabharlainne

Na Bailiúcháin

An líon ábhar sa stoc faoi láthair

Seo thíos an líon ábhar sa bhailiúchán don bhliain 2013 i ngach brainse, mar aon le cur síos ar bhailiúcháin speisialta:

Leabhair

Leabhair tagartha (do dhaoine fásta & do leanaí)	247,663
Neamhfhicsean do dhaoine fásta (iasachtú)	564,873
Ficsean do dhaoine fásta (iasachtú)	204,447
Leabhair do leanaí (iasachtú)	233,627

Closábhar

Leabhair	33,128
Ceol taifeadta	18,300
Tacair foghlama teanga	3,248

Físábhar

DVDanna	49,573
---------	--------


Ríomhacmhainní

Rochtain ar bhunachair/sheirbhísí ar líne	17
---	----

Irisleabhair/Tréimhseacháin

Síntiúis	496
Teidil	263

Miondealú (%) na mbailiúcháin reatha



Bailiúcháin speisialta

Tá an stoc ar fad san áireamh sna figiúir thuas, lena n-áirítear a bhfuil sna bailiúcháin speisialta seo a leanas:

Bailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann

An líon ábhar: 119,252 sa chatalóg ar líne
125,000 (measta) sa chatalóg ar cártaí

Ionad: Seomra Léitheoireachta, Cartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath, 138 – 144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2

Is bailiúchán suntasach taighde é Bailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann ina bhfuil ábhar nua agus seanábhar a chuimsíonn leabhair luathchlóite agus lámhscríbhinní faoi Bhaile Átha Cliath. Tugann Bailiúchán Éireann cúlra agus comhthéacs do Bhailiúchán Bhaile Átha Cliath. Tá roinnt bailiúchán aonair ann freisin a ceannaíodh nó a fuarthas mar bhronntanas agus orthu sin is é an ceann is tábhachtaí Leabharlann Gilbert agus Bailiúchán Dix. Ceannaímid ábhar le cur leis an mbailiúchán seo ar bhonn leanúnach. Ní ligtear ábhar an bhailiúcháin seo ar iasacht ach is féidir é a cheadú sa Seomra Léitheoireachta, Sráid an Phiarsaigh. Níl cead isteach chun na seilfeanna ina bhfuil an bailiúchán seo; is iad na baill foirne a aimseoidh an t-ábhar a theastaíonn ón léitheoir agus a thabharfaidh chuige/chuici é. (Féach Aguisín D le haghaidh cur síos iomlán)

Bailiúchán Faisnéise Gnó

An líon ábhar: 12,613
Ionad: Lárleabharlann, Ionad ILAC, Sráid Anraí, Baile Átha Cliath 1

Tá an Bailiúchán Faisnéise Gnó dírithe ar fhaisnéis reatha a bhaineann le hábhair ar nós taighde margaíochta agus cuideachta, roghanna agus forbairt gairme agus tionscnamh gnó. Tá fáil ar

leabhair, eolairí agus irisleabhair sa bhailiúchán mar aon le bunachair sonraí ar líne. Ceannaímid ábhar le cur leis an mbailiúchán seo ar bhonn leanúnach. Níl ábhar an bhailiúcháin seo le fáil ar iasacht ach is féidir é a cheadú.

An Bailiúchán Éireannach agus Idirnáisiúnta do Leanaí

An líon ábhar: 12,324

Ionad: Cartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath, 138 – 144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2 agus Siopa Leabhar Sheantraibh

Is éard atá sa Bhailiúchán Éireannach agus Idirnáisiúnta do Leanaí ná ficsean agus neamhfhicsean le húdair Éireannacha, nó a bhfuil téama Éireannach ann, agus a foilsíodh in Éirinn nó thar lear idir na 1970í déanacha agus an lá inniu. Sa bhailiúchán seo freisin tá na heiseamláir is fearr den litríocht idirnáisiúnta agus de theidil a bhain duais amach. Ceannaímid ábhar le cur leis an mbailiúchán seo ar bhonn leanúnach. Níl ábhar an bhailiúcháin seo le fáil ar iasacht ach is féidir é a cheadú ach sin a iarraidh.

Bailiúchán Duais Liteartha Bhaile Átha Cliath

An líon ábhar: 5,055

Ionad: Cartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath, 138 – 144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2

Cuimsíonn bailiúchán Duais Liteartha Bhaile Átha Cliath dhá chóip de gach teideal a ainmníodh le haghaidh Duais Liteartha Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (IMPAC) idir 1996 agus an lá inniu. Cuirtear leis an mbailiúchán sin gach bliain trí chóipeanna a bhronnann foilsitheoirí rannpháirteacha orainn. Níl sé le fáil ar iasacht ach is féidir é a cheadú ach sin a iarraidh.

Bailiúchán Ceoil

An líon ábhar: Scóir 13,092
CDanna ceoil 10,674
DVDanna ceoil 1,146

Ionad: Lárleabharlann, Ionad ILAC, Sráid Anraí, Baile Átha Cliath 1

Tá idir thaifeadtaí agus ábhar clóite sa Bhailiúchán Ceoil. I measc an ábhair chlóite tá scóir, mionscóir staidéir, bileoga ceoil le haghaidh uirlisí éagsúla, leabhróga agus ceol diaga agus réimse leathan irisleabhar ceoil. Cuimsíonn taifeadtaí réimse leathan seánraí, lena n-áirítear ceol clasaiceach, ceol traidisiúnta Gaelach, ceol domhanda, snagcheol, popcheol, récheol agus ceol diaga. Ceannaímid ábhar le cur leis an mbailiúchán seo ar bhonn leanúnach. Bailiúchán iasachtaithe é seo a bhfuil cead isteach chuige.

Bailiúchán Bibliteiripe

An líon ábhar: Cóipeanna iomadúla de 38 teideal
Ionad: Ar fáil i ngach leabharlann bhraínse ar fud na cathrach

Is éard atá sa Bhailiúchán Bibliteiripe ná 38 teideal arna moladh ag dochtúirí ginearálta nó ag gairmithe leighis eile ina dtugtar aghaidh ar dhúlagar, imní, strus, féinmheas, neamhoird itheacháin

agus iompraíocht dhúghafach. Bailiúchán iasachtaithe é seo a bhfuil cead isteach chuige agus tá leabhair le fáil ar iasacht i leabharlanna brainse ar fud na cathrach.

Bailiúchán Rosetta

An líon ábhar: 1,350

Ionad: Lárleabharlann, Ionad ILAC, Sráid Anraí, Baile Átha Cliath 1

Scríbhneoireacht chomhaimseartha as Éirinn atá i mBailiúchán Rosetta agus í aistrithe go breis agus tríocha teanga. Is é *Idirmhalartán Litríocht Éireanna* mhaoiníonn na haistriúcháin agus bronnann siad cóipeanna ar na seirbhísí leabharlainne poiblí gach bliain. Tá údair mhóraitheanta agus bheagaitheanta araon ann agus cuirtear an scríbhneoireacht Éireannach os comhair lucht léite idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath. Cuirtear teidil bhreise leis an mbailiúchán ar bhonn leanúnach. Bailiúchán iasachtaithe é seo a bhfuil cead isteach chuige.

Bailiúchán Shé Geraghty

An líon ábhar: 5,740

Ionad: Leabharlann Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10

Cuimsíonn Bailiúchán Shé Geraghty leabhair faoi stair na hÉireann agus leabhair a bhaineann le Baile Átha Cliath. Ba é Sé Geraghty nach maireann a bhailigh na leabhair agus a pháirtneir, Alice Hanratty, a bhronn ar Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iad in 2009. Ní ligtear ábhar an bhailiúcháin seo ar iasacht ach tá cead isteach chuige lena cheadú.

Bailiúchán WHO

An líon ábhar: 582

Ionad: Lárleabharlann, Ionad ILAC, Sráid Anraí, Baile Átha Cliath 1

Is taisclann doiciméadachta é DCPL (ó 1992 i leith) le haghaidh teidil a fhoilsíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO). Bronnann an WHO teidil orainn ar bhonn leanúnach de réir mar a fhoilsítear iad. Ní ligtear ábhar an bhailiúcháin seo ar iasacht ach tá cead isteach chuige lena cheadú.

Bailiúchán ENFO

An líon ábhar: 2,554

Ionad: Ionad Bibleagrafach na Cabraí, Bóthar na hUaimhe, Baile Átha Cliath 7

Is éard atá i mBailiúchán ENFO leabhair agus tréimhseacháin teicniúla faoi shaincheisteanna comhshaoil a bronnadh ar DCPL tar éis dhúnadh leabharlann ENFO in 2009, a bhí ag oibriú faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ní ligtear ábhar an bhailiúcháin seo ar iasacht ach is féidir é a cheadú ach sin a iarraidh.

Leabharlanna Foirne

An líon ábhar: 13,165

Ionad: Cartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath, Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 1 agus Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí Cathartha, Sráid Sheamlas an Éisc,

Baile Átha Cliath 8.

Tá na leabharlanna foirne ar Shráid an Phiarsaigh agus ar Shráid Sheamlas an Éisc araon dírithe ar theidil ghairmiúla a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne. Níl na bailiúcháin seo le fáil ar iasacht ach is féidir iad a cheadú ach sin a iarraidh.

Tréimhseacháin/Irisí

Is féidir tréimhseacháin/irisí a cheadú sna leabharlanna brainse agus i gcuid de na bailiúcháin speisialta freisin. Tá 263 teideal ar fáil san iomlán.

Tá 95 teideal san iomlán ar fáil i mBailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann ar Shráid an Phiarsaigh. Baineann na teidil sin go sonrach le Baile Átha Cliath agus tá réimse tréimhseachán Éireannach ann freisin a bhaineann le cúrsaí cultúir agus oidhreacht. Chomh maith leo sin, is ann do theidil atá i seilbh an bhailiúcháin leabhar a phléann ábhair éagsúla amhail an stair, an tseandálaíocht, an litríocht, an ealaín, an ailtireacht, an amharclannaíocht agus an spórt. Déantar tréimhseacháin i mBailiúcháin Bhaile Átha Cliath/Éireann a chur faoi cheangal agus a choinneáil chun críocha taighde. Cuirtear teidil nua Éireannacha leo má bhaineann ábhar an teidil le hábhar an bhailiúcháin reatha.

Tá 80 teideal san Ionad Faisnéise Gnó sa Lárleabharlann. Díríonn na teidil sin ar chúrsaí gnó, margaíochta agus airgeadais. Coinnítear teidil ar feadh dhá bhliain, a bheag nó a mhór, agus faightear réidh leo ina dhiaidh sin.

Tá 15 theideal sa Leabharlann Ceoil, sa Lárleabharlann, a dhíríonn ar chúrsaí ceoil.

Sna leabharlanna brainse tá 75 teideal. Is féidir go bhfuil na teidil sin ar fáil i mbreis agus leabharlann amháin nó gan ach in aon leabharlann amháin. Díritear ar theidil fóillíochta a aithníonn na bainisteoirí brainse a bheith ina scáthán ar spéiseanna agus éileamh an phobail áitiúil agus déantar athbhreithniú leanúnach orthu chun sin a chinntiú.

Coinnítear teidil ar feadh bliain amháin, a bheag nó a mhór, agus faightear réidh leo ina dhiaidh sin.

Sna Leabharlanna Foirne ar Shráid an Phiarsaigh agus sna hOifigí Cathartha tá 53 teideal faoi shainábhar gairmiúil amhail eolaíocht leabharlainne, ailtireacht, innealtóireacht, pleanáil agus riarachán poiblí.

Nuachtáin


Tá bailiúcháin mhóra nuachtán i Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freisin ina bhfuil meascán de leaganacha clóite agus leaganacha leictreonacha ar líne.

Nuachtáin reatha

- Tá nuachtáin reatha náisiúnta agus Domhnaigh ar fáil san Ionad Faisnéise Gnó, an Lárleabharlann, Ionad ILAC, agus coinnítear ar feadh cúpla mí iad.
- Tá nuachtán an lae ar fáil i ngach leabharlann bhrainse.
- Tá rogha nuachtán i dteangacha iasachta ar fáil freisin san Ionad Foghlama Oscailte sa Lárleabharlann.


Seaneagráin nuachtán

- Bailíonn an Seomra Léitheoireachta i gCartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath roinnt nuachtán, idir áitiúil agus náisiúnta, agus is féidir cruachóipeanna díobh sin a cheadú mar aon le cóipeanna ar mhicreascannán. Cuimsíonn na bailiúcháin nuachtán sin nuachtáin ón 18^ú haois agus nuachtáin pholaitiúla agus liteartha na hÉireann ó 1900 i leith.
- Tá téacs iomlán alt as seaneagráin nuachtán ar fáil i ngach leabharlann bhrainse trí Chartlann Dhigiteach an Irish Times agus trí Chartlann Nuachtán na hÉireann (féach an liosta iomlán ríomhacmhainní thíos).



“Bím cíocrach chun léimh agus is maith mar a fhreastalaíonn an leabharlann orm”

Léitheoir sa
Lárleabharlann



Ríomhacmhainní

Tá síntiús againn le go leor bunachar sonraí ar líne. Tá go leor athruithe agus forbairt ag teacht ar an réimse seo go sciobtha. Leanfaimid orainn ag cur faisnéis ar fáil i bhformáid leictreonach, á cur in ionad leaganacha clóite uaireanta, de réir forbairtí i gcúrsaí foilsitheoireachta i gcoitinne.

Glacaimid síntiús faoi láthair leis an méid seo a leanas:

Teideal	Infhaighteacht	Cur síos
Encyclopaedia Britannica	ar líne i ngach leabharlann bhrainse agus sa bhaile ag baill leabharlainne	Téacs iomlán na leaganacha éagsúla do dhaoine fásta, do mhic léinn agus do leanaí
Sraith irisleabhar Emerald	ar líne i ngach leabharlann bhrainse	Téacs iomlán bhreis agus 240 irisleabhar faoi ábhair éagsúla amhail gnó agus bainistíocht, cuntasáíocht, eacnamaíocht, margaíocht, eolaíocht leabharlainne agus faisnéise agus eolaíochtaí sóisialta
JSTOR – Bailiúchán Éireann	ar líne i ngach leabharlann bhrainse	Ailt dhigitithe as irisleabhair acadúla a bhaineann le léann na hÉireann, idir stair, ailtireacht, litríocht, srl.
Dictionary of Irish Biography	ar líne i ngach leabharlann bhrainse	Breis agus 9,000 alt beathaisnéiseach sínithe a chíorann agus a chuireann síos ar ghairmeacha beatha daoine i ngach réimse saothair (a bhaineann le hÉirinn), lena n-áirítear polaitíocht, dlí, creideamh, litríocht, iriseoireacht, ailtireacht, péintéireacht, ceol, drámaíocht, eolaíocht, leigheas, innealtóireacht, spórt agus siamsaíocht
Eagrán Leabharlainne Ancestry	Cartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath	Bunachar sonraí ginealais a chuimsíonn taifid Arm na Breataine ón gCéad Chogadh Domhanda
Touch-Type Read & Spell	Sa Lárleabharlann agus ar líne ag úsáideoirí cláraithe	Cúrsa ríomhaireachta ar líne a fhorbraíonn scileanna clóscríbhneoireachta agus a chabhraíonn le daoine ar deacair dóibh litriú, léamh nó scríobh, cuma cén aois iad.
Microsoft Academy	San Ionad Foghlama Oscailte, an Lárleabharlann, agus ar líne sa bhaile ag baill leabharlainne	Oiliúint ar líne i bhfeidhmchláir Microsoft
Bunachair sonraí gnó		
Vision-net	ar líne i ngach leabharlann bhrainse	Doiciméid arna gcomhadú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Faisnéis theoranta faoi

		chuideachtaí sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann
Kompass	San Ionad Faisnéise Gnó, an Lárleabharlann	Faisnéis faoi bhreis agus 3 mhilliún cuideachta i 60 tír ar fud an domhain
Euromonitor	San Ionad Faisnéise Gnó, an Lárleabharlann	Athbhreithnithe straitéiseacha ar threochtaí tomhaltóra sna hearnálacha tionsclaíochta agus seirbhíse ar fud an domhain
Mintel	San Ionad Faisnéise Gnó, an Lárleabharlann	Bunachar sonraí anailíse ar mhargadh tomhaltóirí na hÉireann
Business.ie	San Ionad Faisnéise Gnó, an Lárleabharlann	Faisnéis faoi bhreis agus 140,000 cuideachta in Éirinn
European Business ASAP ar líne (INFOTRAC)	San Ionad Faisnéise Gnó, an Lárleabharlann	Achoimrí agus téacs iomlán irisleabhair idirnáisiúnta eacnamaíochta agus bainistíochta gnó ó 1992 i leith
Teideal	Infhaighteacht	Cur síos
Teangacha		
Transparent Languages Online	ar líne i ngach leabharlann bhraínse agus sa bhaile ag baill leabharlainne	Ríomhchóras foghlama teanga ina bhfuil breis agus 80 teanga iasachta do chainteoirí Béarla agus 24 cúrsa Béarla do chainteoirí teangacha eile
Rosetta Stone	San Ionad Foghlama Oscailte, an Lárleabharlann	Ríomhchóras foghlama teanga a mhúineann 7 dteanga trí mheán 22 teanga
Nuachtáin ar líne		
Cartlann Nuachtán na hÉireann	ar líne i ngach leabharlann bhraínse	Téacs iomlán nuachtán ó na 1700í go dtí an lá inniu. I measc na nuachtán sin tá: Irish Independent, Sunday Independent, Galway City Tribune, The Connaught Telegraph, Donegal News, The Meath Chronicle, The Southern Star, Westmeath Examiner, The Guardian, Irish Farmers Journal, The Anglo-Celt, Sentinel, Connacht Tribune, Leitrim Observer, Munster Express, The Herald, The Freeman's Journal agus The Nation
Cartlann an Irish Times	ar líne i ngach leabharlann bhraínse	Téacs iomlán chartlann dhigiteach an Irish Times ó 1859 go dtí an lá inniu

Aguisíní

Aguisín A: Liosta doiciméad reachtúil agus beartais

Liosta ceanglas reachtúil agus doiciméad beartais atá mar bhonn agus mar thaca le fealsúnacht agus le tosaíochtaí straitéiseacha an Bheartas Forbartha Bailiúcháin.

An tAcht Leabharlanna Poiblí, 1947
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001
Achtanna um Stádas Comhionann, 2000 - 2011

Forógra UNESCO um Leabharlanna Poiblí, 1994

Treoirlínte an IFLA (Comhaontas Idirnáisiúnta na gCumann Leabharlann) faoi leabharlanna poiblí

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Plean Corparáideach, 2010-2014
Straitéis Chultúrtha, 2010-2017
Plean Forbartha, 2011-2017

Deiseanna do Chách; an leabharlann phoiblí ina tine adhainte don fhorbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta, Straitéis i dtaobh Leabharlann Poiblí, 2013-2017
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Céard iad na réaltaí?: plean forbartha do Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath 2012 – 2016

Ar na príomhráitis chúlra tá:

Airteagal 19 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Dhuine:

‘Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse tuairime agus chun saoirse nochtuithe tuairime; áirítear sa cheart sin saoirse chun tuairimí a bheith aige gan aon bhac air, agus chun eolas agus smaointe a lorg, a ghlacadh agus a leathadh trí mheáin ar bith, gan aird ar chríoch-theorainneacha.’

Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Fóillíocht, áineas agus gníomhaíochtaí cultúrtha)

2. Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do, agus cuirfidh siad chun cinn ceart an linbh a bheith iomlán rannpháirteach sa saol cultúrtha agus ealaíon agus spreagfaidh siad soláthar do dheiseanna cuí agus comhionanna do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíon, caitheamh aimsire agus áineasa.

Aguisín B: Soláthraithe ar Conradh

Soláthraithe Leabhar ar Conradh 2012 – 2015

Leabhair doleanaí	The Book Nest Ltd Aonad 9, Ionad Gnó Chliabhraigh Sligeach Co. Shligigh
Leabhair a foilsíodh in Éirinn	Irish Library Suppliers 270 Bóthar Ráth Maonais Íochtarach Baile Átha Cliath 6
Leabhair neamhficsin do dhaoine fásta	Open Book Company Aonad 9, Ionad Gnó Chionn Sáile, Cionn Sáile, Co. Bhaile Átha Cliath
Leabhair ficsin do dhaoine fásta	The Book Nest Ltd Aonad 9, Ionad Gnó Chliabhraigh Sligeach Co. Shligigh

Soláthraithe ábhar closamhairc ar conradh 2012 – 2015

Closleabhair	IES Eastát Tionsclaíochta Weston Léim an Bhradáin Co. Chill Dara
Closleabhair	Indi Entertainment Aonad 2, An Charraig Liath Bóthar an Náis Baile Átha Cliath 12
Closleabhair	Oakhill PO Box 3855 Bath BA1 3WW England
Closleabhair	Ulverscroft Large Print & Audio Ltd. 17 Cúirt Sorrento, Deilgins, Co. Bhaile Átha Cliath
Closleabhair	WF Howes Unit 4, Rearsby Business Park, Gaddesby Lane, Rearsby Leicester LE7 4YH, England
DVDanna	MSE 42 Na Gearrthacha Dún Muirigh Béal Feirste BT17 9HN Tuaisceart Éireann

Rare Books Panel 2014

<p>Éamonn de Búrca De Búrca Rare Books, 'Cluain na gCaiseal', 27 Céide na Prióireachta, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.</p>
<p>James Vallely Craobh Rua Books, 12 Gairdíní Áth na Coille, Ard Mhacha BT60 2AZ, Tuaisceart Éireann.</p>
<p>P. agus B. Rowan Teach Carleton, 92 Bóthar Uí Mhaoileoin, Béal Feirste, Co. Aontroma BT9 5HP, Tuaisceart Éireann.</p>
<p>Schull Books Béal an Dá Chab, Co. Chorcaí</p>
<p>Healy Rare Books Norman Healy, 'Meadowlands', Lioscarraig, Bóthar na Mine, Gaillimh.</p>

Aguisín C: Beartas Bronntanas

Beartas Bronntanas

Tá fáilte ar dhaoine ábhar a bhronnadh orainn de réir na gcritéar seo a leanas:

- *Úire* – glacaimid le teidil neamhfhicsin mar bhronntanas ach iad a bheith i gcúrsaíocht faoi láthair, i.e. iad a bheith ábhartha agus gan eagrán níos úire díobh a bheith ar fáil. Ba chóir go mbeadh teidil ficsin foilsithe laistigh den 2 bhliain seo caite.
- *Bail* – ní mór bail úrnuá a bheith ar ábhar bronntanas.
- *Oiriúnacht* – Measaimid nach bhfuil sé oiriúnach leabhair áirithe a ligean ar iasacht don phobal agus ní ghlacaimid le bronntanas den chineál sin, lena n-áirítear an t-ábhar a leanas:
 - Téacsleabhair dara nó tríú leibhéal
 - Leabhair nach bhfuil ceaptha ach d'aon duine amháin, m.sh leabhair saothair, dialanna
 - Leabhair faoi cheangal bíseach
 - Leabhair bhronntanas – nach bhfuil mórán faisnéise d'inneach iontu
 - Leabhair faoi shainábhar acadúil an-speisialaithe
 - Leabhair a bhfuil rudaí breise ag gabháil leo, m.sh. greamaitheoirí, cártaí

Coimeádamid an ceart againn féin ábhar a bhronntar orainn a chur in aon leabharlann bhrairse is mian linn. Chomh maith leis sin, coimeádamid an ceart againn féin aon ábhar gan iarraidh a bhronntar orainn a dhiúscairt nuair agus mar is toil linn.

Eisceachtaí - d'fhéadfaí go mbeadh eisceachtaí ar na critéir thuas má bhaineann an t-ábhar go sonrach le hÉirinn, le Baile Átha Cliath nó leis an gceantar áitiúil. Is féidir nach mbeadh bail agus úire an bhronntanas ábhartha mura bhfuil sé sa stoc cheana.

Féadfaidh daoine ar mian leo ábhar a bhronnadh orainn sin a dhéanamh ar cheann de na bealaí seo thíos:

1. Maidir le hábhar Gaeilge, ábhar a bhaineann le hÉirinn nó seanábhar a d'fhéadfadh a bheith ina dhíol spéise do Bhailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann, déan teagmháil le
Dr. Máire Kennedy,
Leabharlannaí Roinne – Bailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann,
Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
138-145 Sráid an Phiarsaigh,
Baile Átha Cliath 2
Fón: 674 4999
Ríomhphost: dublinstudies@dublincity.ie
2. Maidir le hábhar úrspéise nach mbaineann le hÉirinn, m.sh. úrscéalta nó neamhfhicsean reatha, déan teagmháil leis an leabharlannaí sa leabharlann bhrairse is gaire duit
3. Má tá amhras ort i dtaobh aon ábhair nó má tá líon mór teideal le bronnadh agat, déan teagmháil le
Clare Hogan,
Leabharlannaí Roinne – Seirbhísí do Léitheoirí,
Leabharlanna Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
Ionad Bibleagrafach,
Bóthar na hUaimhe,

Aguisín D: Bailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann

Bailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann

Roinnt bailiúchán ar leith atá i mBailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éireann a ceannaíodh nó a fuarthas mar bhronntanas chomh maith le dhá mhórbhailiúchán reatha a gcuirtear leo gach bliain: Bailiúchán Léinn Bhaile Átha Cliath agus Bailiúchán an Léinn Éireannaigh:

1. Mar bhailiúchán don léann áitiúil ar Bhaile Átha Cliath, is éard is aidhm leis oidhreacht chlóite na príomhchathrach agus an cheantair máguaird a bhailiú agus a chaomhnú. Cuirtear bailiúchán ginearálta faoin Léann Éireannach i dtoll a chéile chun comhthéacs agus téagar a thabhairt do Bhailiúchán Bhaile Átha Cliath nach féidir a thuiscint i gceart gan é.
2. Ábhar clóite a foilsíodh i mBaile Átha Cliath idir luathaimsir na clódóireachta de lámh agus an lá atá inniu ann; saothair le húdair as Baile Átha Cliath agus a bhaineann le Baile Átha Cliath, a foilsíodh in Éirinn nó thar lear; is iad croílár na mbailiúchán i gcónaí iad lámhscríbhinní, nuachtáin, léarscáileanna, priontaí agus líníochtaí, grianghraif, saothair ealaíne, taifeadtaí fuaimne, scannáin agus ábhar gearrshaolach a chuireann le tuiscint ar Bhaile Átha Cliath mar a bhí agus mar atá. Bailítear leabhair, tréimhseacháin, lámhscríbhinní, eagráin shínithe agus eagráin speisialta, srl. ar le húdair arb as Baile Átha Cliath dóibh, mar shampla Jonathan Swift, Samuel Beckett, Brendan Behan, Harry Clarke, Louis le Brocquy, muintir Yeats, Seán O'Casey, James Joyce, George Bernard Shaw, Roddy Doyle, srl. Nuair nach féidir na doiciméid bhunaidh a fháil, glactar le cinn ionadacha: micreafoirm, grianghraif, cóipeanna Xerox, íomhánna digiteacha, srl. Bíonn úsáid á baint níos minicí anois as acmhainní ar líne fearacht Léarscáileanna Stairiúla Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus glactar síntiúis le hacmhainní ar líne amhail Cartlann Nuachtán na hÉireann.
3. Cuimsíonn an léann Éireannach saothair a bhfuil tábhacht náisiúnta leo i réimsí na staire, na beathaisnéise agus na litríochta agus leanfar de bheith á dtiomsú mar bhailiúchán taighde tábhachtach a chuirfidh breis le Bailiúchán Baile Átha Cliath. Sa chomhthéacs sin baileofar saothair a bhfuil tábhacht náisiúnta leo ar le húdair iad amhail Oliver Goldsmith, Maria Edgeworth, Padraic Colum, P.W. Joyce, Seamus Heaney, John Montague, Patrick Kavanagh, Brian Friel agus Derek Mahon. Leanfar de bheith ag bailiú eiseamláirí ionadaíochta de chlódóireacht áitiúil Éireannach ó thréimhse an chlópheasa láimhe agus cuirfidh siad sin breis leis na bailiúcháin a thiomsaigh Sir John T. Gilbert agus E.R. McClintock Dix. Beifear ag tóraíocht, go gníomhach, paimfléid agus tráchtas shóisialta agus pholaitiúla a foilsíodh idir an seachtú haois déag agus tús an fhichiú haois a chaitheann solas ar thréimhsí tábhachtacha i stair na hÉireann (m.sh. 1798, Fuascailt na gCaitliceach, na cogaí talún, 1916).
4. Tá na bailiúcháin ar cuid den roinn léinn áitiúil iad láidir ó thaobh staire de, idir áitiúil agus náisiúnta, chomh maith le ginealas agus stair teaghlaigh, seandálaíocht, ailtireacht, dinnseanchas agus logainmneacha, déimeagrafaic, litríocht, beathaisnéisí, ceol, amharclannaíocht, stair na n-ealaíon agus tuiscint díobh, stair na leabhar, stair dlí agus polaitíochta, stair mhíleata agus stair an diaspóra Éireannaigh. Leanfar de bheith ag fáil teidil úra agus dara láimhe sna réimsí ábhair sin. Déanfar forbairt agus leathnú ar réimsí taighde nár díriodh chomh mór sin orthu go dtí seo: stair an ghnó i mBaile Átha Cliath, spórt, ábhar gearrshaolach, litríocht do leanaí, téacsleabhair scoile ón ochtú haois déag go

dtí lár an fhichiú haois agus aistriúcháin i dteangacha iasachta ar shaothair le mórúidair Bhaile Átha Cliath amhail Swift, Yeats, Wilde, Beckett, Joyce agus Shaw.

5. Tá líon beag saothar ón luath-thréimhse clódóireachta a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo le fáil sna bailiúcháin freisin. Den chuid is mó, is as Éirinn an t-ábhar sin nó as foinse a bhaineann le hÉirinn, nó tá clúdach Éireannach air, seachas nasc díreach le hÉirinn ó thaobh údair nó ábhair de.
6. Lorgaítear agus ceannaítear ábhar nua a fhoilsítear in Éirinn nó i dtír eile. Líontar bearnaí trí ábhar ársa nó dara láimhe a cheannach de réir na n-acmhainní atá againn. Bítear ag lorg, go gníomhach, ábhar ionadach a líonfaidh na bearnaí sin. Cuirfear ábhar ionadach ar fáil amach anseo a sheasfaidh in áit ábhair luachmhar sa bhailiúchán nó ábhar a mbaintear úsáid an-mhinic as chun iad a chaomhnú.
7. Bailítear saothair tagartha a bhaineann le beathaisnéisí agus le stair na leabhar chun tacú le staidéar ar an gcultúr clóite.
8. Fáiltítear roimh bhronntanais leabhar uathúil agus iad siúd a bhaineann leis an Léann Éireannach nó le Léann Baile Átha Cliath.
9. Cuid thábhachtach de na bailiúcháin iad saothair Ghaeilge. Ceannaítear gach leabhar nua Gaeilge gach bliain. Bailíodh agus caomhnaíodh saothair ina bhfuil an seanchló Gaelach, a mbaintí úsáid as idir deireadh an naoú haois déag agus na 1960í. Tá an líon beag saothar Gaeilge a cuireadh i gcló idir an séú haois déag agus lár an naoú haois déag á lorg go gníomhach againn le go mbeidh an bailiúchán chomh hiomlán agus is féidir.
10. Má oireann sé do na bailiúcháin agus más leor na hacmhainní chuige, gheofar ábhar speisialta do bhailitheoirí amhail eagrán teoranta nó shínithe, míncheangail agus saothair ina bhfuil maisiú speisialta (m.sh. liteagraif bhunaidh).
11. Is trí bhronntanais go príomha a bhailítear ábhar gearrshaolach a bhaineann le cúrsaí gnó, polaitíochta agus sóisialta do Bhailiúchán Léinn Bhaile Átha Cliath.

Leabharlann Gilbert: I Leabharlann Gilbert tá leabhair agus lámhscríbhinní a bhaineann le Baile Átha Cliath agus le hÉirinn a bhailigh Sir John T. Gilbert agus a cheannaigh Bardas Bhaile Átha Cliath in 1900. I measc láidreachtaí an bhailiúcháin tá saothair a phléann stair Bhaile Átha Cliath agus a mhuintire, an ginealas, almanaig agus eolairí a cuireadh i gcló i mBaile Átha Cliath, nuachtáin luatha Bhaile Átha Cliath, bailéid sráide agus bileoga amhráin, saothair le deoraithe Éireannacha a cuireadh i gcló ar Mhór-roinn na hEorpa idir an séú haois déag agus an t-ochtú haois déag, agus ábhar a cuireadh i gcló i mBaile Átha Cliath idir deireadh an seachtú haois déag agus tús an naoú haois déag.

Bailiúchán Dix: Leabhair, paimfléid agus tréimhseacháin a bhronn an bibleagrafaí aitheanta E.R. McClintock Dix orainn ina bhfuil thart ar 700 teideal a chuimsíonn samplaí den luathchlódóireacht i mBaile Átha Cliath, inphriontaí áitiúla agus míncheangail.

Bailiúchán Yeats: Tá Bailiúchán Yeats, a ceannaíodh ó Colin Smythe in 1966 agus ar chuir sé ábhar nua leis mar bhronntanas, dírithe ar chéadeagrán agus ar phriontaí speisialta de shaothair le W.B. Yeats agus Jack B. Yeats agus ó chlódóirí Dún Emer agus Cuala. San áireamh tá aistriúcháin i roinnt teangacha éagsúla ar shaothair Yeats. Thart ar 350 teideal.